Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

Teileafón: +353-90-64 42825/ 63. Facs:+353-90-647 3080. Gréasán: www.examinations.ie. R-phost: info@examinations.ie

S43/18

CHUIG ÚDARÁS NA SCOILE A AINMNÍTEAR SA SEOLADH

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2018
EALAÍN, CEARDAÍOCHT, DEARADH – SCRÚDÚ LÍNÍOCHTA
ARDLEIBHÉAL AGUS GNÁTHLEIBHÉAL

A Chara,

Is é atá sa scrúdú thuas dhá thriail Líníochta a bheidh ar siúl idir 9.30 a.m. agus 12.30 p.m. ar **1 Bealtaine 2018 nó ar lá ar bith a roghnaíonn an scoil idir 30 Aibreán - 11 Bealtaine 2018.**

D'fhonn éascaíocht a dhéanamh d'iarrthóirí atá ag ullmhú don scrúdú seo ba chóir na ceistpháipéir a dháileadh ar na hiarrthóirí ar 16 Aibreán 2018.

Is iad seo na trialacha atá i gceist:

(1) Líníocht de Dheilbheacha Nádúrtha **nó**
Líníocht de Dheilbheacha Saorga.
Beidh an triail seo ann ó 9.30 a.m. go 10.30 a.m.

(2) Líníocht de Dheilbheacha Daonna
Beidh an triail seo ann ó 11.00 a.m. go 12.30 p.m.

N.B. Tá cead ag na scoileanna am tosaithe an scrúdaithe a athrú chun freastal ar riachtanais na scoile. Ní ceadmhach fad an scrúdaithe a athrú, áfach.
Níl cead fón póca, ceamara ná gléas taifeadta ar bith eile a thabhairt isteach san Ionad Scrúduithe.

(1) LÍNÍOCHT DE DHEILBHEACHA NÁDÚRTHA NÓ DE DHEILBHEACHA SAORGA

Ní mór na nithe uile a bheidh in úsáid mar spreagthaigh fhísiúla sa chuid seo den scrúdú a bhailiú roimh an scrúdú agus a choinneáil go sábháilte san ionad an lá roimh an scrúdú.

Ní mór do gach iarrthóir ar leith cinneadh anois, i gcomhairle lena m(h)úinteoir, cé acu is mian leis/léi tabhairt faoi líníocht de dheilbheacha nádúrtha *nó* faoi líníocht de dheilbheacha saorga. Ní mór do gach iarrthóir a spreagthaigh féin a aimsiú agus a choinneáil sábháilte.

(2) LÍNÍOCHTAÍ Ó DHEILBHEACHA DAONNA

(i) Ba cheart go mbeadh an cuspa ina s(h)uí de réir mar a shonraítear ar an scrúdpháipéar.
(ii) Ní miste cé acu fireann nó baineann a bhíonn an cuspa ach ba chóir dó/di a bheith chomh gar d'aois na n-iarrthóirí agus is féidir.
(iii) Níl gá le héadaí speisialta le haghaidh an chuspa.
(iv) Is cóir na hiarrthóirí a shocrú ina leathchiorcail, iad 2-3 mhéadar ón gcuspa agus ag féachaint air/uirthi.
(v) Ní ceadmhach níos mó ná deichniúr iarrthóirí a bheith ag obair ó chuspa ar bith.
(vi) Ní mór na gnéithe uile d'aghaidh an chuspa a bheith le feiceáil go soiléir ag na hiarrthóirí.

Iarrtar ort duine oiriúnach **nach** bhfuil ina bhall d'fhoireann na scoile a cheapadh le feitheoireacht a dhéanamh ag an scrúdú seo, i.e. an dá thriail. Féadfaidh *an scoil* táille **€113.16 (in aghaidh an lae)** a íoc leis an bhFeitheoir agus aisíocaíocht a éileamh ar an gCoimisiún. Is cóir cuspa(í) a fhostú le haghaidh na Líníochta de Dheilbheacha Daonna sa scrúdú idir 11.00 agus 12.30. Is cóir **táille €12.44** a íoc le gach cuspa agus aisíocaíocht a éileamh ar an gCoimisiún. Is cóir a thabhairt do bhur n-aire go ndlitear cáin ioncaim, an muirear sóisialta uilíoch, an Asbhaint le haghaidh Phinsean na Seirbhíse Poiblí (nuair is cuí sin) agus árachas sóisialta (ÁSPC) a ghearradh ar gach táille a íoctar le Feitheoirí. Tá ceapachán feitheoirí faoi réir ag Aicme J den ÁSPC. Is é ráta ÁSPC an fhostóra san aicme sin ná 0.5%. Aisíocfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit ÁSPC an fhostóra leis na scoileanna agus leis na Boird Oideachais agus Oiliúna ar ráta na bhfeitheoirí. Seolfar foirm éilimh lena aghaidh sin chuig na scoileanna i ndeireadh mhí Aibreáin. Ba chóir an fhoirm a chomhlánú agus a sheoladh ar ais go dtí Coimisiún na Scrúduithe Stáit.
N.B. I gcás scoileanna na mBord Oideachais agus Oiliúna, ní mór dóibh na haisíocaíochtaí a éileamh ar an mBord Oideachais agus Oiliúna cuí.

Ní mór don mhúinteoir Ealaíne sa scoil cúnamh a thabhairt chun an seomra a ullmhú le haghaidh an scrúdaithe. Ní mór don mhúinteoir sin a bheith i láthair sa scoil chomh maith chun déileáil le nithe nach mbeadh ar chumas an Fheitheora déileáil leo.

Ba chóir a threorú do na hiarrthóirí a bheith i láthair i seomra na scrúduithe tráth nach déanaí ná cúig nóiméad déag roimh am tosaithe an scrúdaithe.

Má bhíonn iarrthóir as láthair de bharr breoiteachta, (feic **Foirm 7** atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin **www.examinations.ie**) ní foláir an deis a thabhairt don iarrthóir sin an triail líníochta a dhéanamh chomh luath agus is féidir sa tréimhse as sin go dtí tús na scrúduithe scríofa, i.e**. 6 Meitheamh 2018**.

Tá dhá chóip de na *Treoracha Speisialta d'Fheitheoirí* leis seo. Is cóir cóip amháin a sheoladh chuig an bhFeitheoir *chomh luath agus a cheapfar é/í*. Is cóir an chóip eile a choinneáil sa scoil.

Tá Foirm Thuairisce an Fheitheora agus Rolla (Rolla Tinrimh) leis seo freisin. Ba cheart iad sin a thabhairt don Fheitheoir nuair a thiocfaidh sé/sí chun na scoile don scrúdú.

Ba chóir na clúdaigh litreach neamhshéalaithe ar leith d'obair chúrsa phraiticiúil 2T gach iarrthóra a chur ar fáil don Fheitheoir. Beidh siad ag teastáil uaidh/uaithi le haghaidh líníochtaí na n-iarrthóirí.

Ní mór don fheitheoir an Liosta Foláireamh a chomhlánú ag deireadh an scrúdaithe líníochta. Deimhnigh, le do thoil, go bhfuil an leibhéal a dhéanann gach iarrthóir marcáilte ar an Liosta Foláireamh. Ba choir an Liosta Foláireamh comhlánaithe a chur isteach sa chlúdach bán a chuirtear ar fáil le haghaidh an Liosta Foláireamh. Ba choir an clúdach a sheoladh díreach ar an bpost go dtí Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

Ba choir Foirm Thuairisce an Fheitheora agus an chóip uachtarach de Rolla an Tinrimh (Rolla JCA Líníocht), agus é comhlánaithe, a chur isteach sa chlúdach donn a bhfuil an seoladh i gcló air cheana agus iad a sheoladh ar ais go dtí Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

Seoladh beart de bhileoga Líníochta chuig an scoil cheana féin – dhá bhileog in aghaidh gach iarrthóra. Mar a luaitear thuas, nuair a bheidh deireadh leis an scrúdú, seolfaidh an Feitheoir an chóip uachtarach den Rolla ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus tabharfar an chóip eile duitse. Ba chóir duit an chóip sin a choinneáil in áit shábhailte sa scoil go dtí go n-eiseofar torthaí Scrúdú an Teastais Shóisearaigh nó, i gcás achomhairc, go dtí go bhfógrófar toradh an achomhairc don scoil.

Is mise, le meas,

Rose Ward

Oifigeach Feidhmiúcháin
Aibreán 2018.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

Telephone: +353-90-64 42861/ 63. Fax:+353-90-647 3080. Web: www.examinations.ie. E-mail: info@examinations.ie

S43/18

TO THE SCHOOL AUTHORITY
NAMED IN THE ADDRESS.

JUNIOR CERTIFICATE EXAMINATION 2018
ART, CRAFT, DESIGN - DRAWING EXAMINATION
HIGHER LEVEL AND ORDINARY LEVEL

A Chara,

The above examination consists of 2 Drawing tests which will take place between 9.30 a.m. and 12.30 p.m. on **1st May 2018 or on any day selected by the school between the 30th April and 11th May.**

In order to facilitate candidates in preparing for this examination the question papers should be distributed to candidates on the 16th April, 2018.

These tests are:-

(1) Drawing from Natural Forms **or**
Drawing from Man-made Forms.
This will take place from 9.30 to 10.30 a.m.

(2) Drawing from Human Forms.
This will take place from 11.00 a.m. to 12.30 p.m.

N.B. Schools may change the starting time of the examination to facilitate the needs of the school. However, the duration of the exam must not change.
You may not bring a mobile phone, camera or any other recording equipment into the Examination Centre.

(1) ***DRAWING FROM NATURAL FORMS OR FROM MAN-MADE FORMS***
All the objects used as visual stimuli which are required for this part of the examination must be collected in advance of the examination and secured in the centre on the day prior to the examination day.

In consultation with his/her teacher, each individual candidate must now decide whether s/he wishes to attempt a drawing from Natural Forms or from Man-made Forms and then obtain and secure his/her own drawing object(s).

(2) ***DRAWINGS FROM HUMAN FORMS***
(i) The model should be seated in accordance with the examination paper.
(ii) Model(s) may be male or female and should be as near as possible to the same age level as the candidates.
(iii) Special clothing is not required for the model(s).
(iv) Candidates to be arranged in semi-circles facing the model from a distance of 2 to 3 meters.

(v) The number of candidates working from each model must **not be more than ten.**
(vi) All of the models facial features must be clearly visible to the candidates.

You are requested to appoint a suitable person who is **not** a member of the school staff, to superintend this examination, i.e. both tests. **A fee of €113.16 (per day)** may be paid to the Superintendent by the school and a refund claimed from the Commission. Model(s) should also be employed for the drawing from Human Forms part of the Examination from 11.00 – 12.30. **A fee of €12.44** should be paid to each model(s) by the school and a refund claimed from the Commission. It should be noted that fees paid to Superintendents are subject to income tax, universal social charge, Public Service Pension Related Deductions (where applicable) and social insurance (P.R.S.I) deductions. The appointment of superintendents is covered under Class J PRSI. The rate of employer PRSI under this class is 0.5%. The SEC will refund to schools/VEC's the employer PRSI at the appropriate rate in respect of superintendents. A claim form for this purpose will issue to schools in late April and this should be completed and forwarded to the State Examinations Commission. **N.B**. In the case of V.E.C. Schools, refunds must be claimed from the relevant V.E.C.

The Art teacher in the school should assist in preparing the room for the examination. The teacher should also be available in the school to deal generally with matters not within the competence of the Superintendent.

Candidates should be instructed to be present in the examination room not later than fifteen minutes prior to the examination starting time.

Where a candidate is absent through illness, (see **Form 7** available on the website **www.examinations.ie**) the candidate must be afforded the opportunity to take the drawing examination at the earliest opportunity in the period up to the commencement of the written examinations i.e**. 6th June 2018.**

Two copies of the Special Instructions for Superintendents are attached. One copy should be sent to the Superintendent as soon as s/he is appointed; the other copy should be retained in the school.

A Superintendent's Report Form and Rolla (Attendance Roll) are also enclosed. They should be given to the Superintendent on his/her arrival for the examination in the school.

The unsealed envelopes containing each candidate's 2D Practical coursework should be made available to the Superintendent who will require them for the candidates' drawings.

The Advice List must be completed by the Superintendent at the cessation of the drawing examination, please ensure that the level taken (by candidate) is marked on the advice list. The completed Advice List should be put into the white Advice List envelope provided. The envelope should be posted directly to the State Examinations Commission.

The Superintendent's Report Form and the top copy of the completed Attendance Roll (Rolla JCA Drawing) should be put into the pre-addressed brown envelope and returned to the State Examinations Commission.

A supply of drawing sheets, two per candidate, has been forwarded to the school.
As above, at the end of the examination, the Superintendent will return the top copy of the Rolla to the Examinations Commission and the other copy will be returned to you. Your copy should be retained in a safe place in the school until the results of the Junior Certificate Examination are issued or, in the case of an appeal, until the outcome of the appeal is notified to the school.

Mise, le meas,

Rose Ward
Executive Officer
April 2018.